



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



SOCIETAS EUROPAEA (SE)

BILEOG FAISNÉISE UIMH.19 / Aibreán 2019

1. SOCIETAS EUROPAEA

Cuideachta phoiblí theoranta Eorpach is ea Societas Europaea (SE) a foirmíodh faoi Rialachán de chuid an AE (Rialachán ón gComhairle 2157/2001) agus Ionstraim Reachtúil 21 de 2007. Is féidir SE a bhunú de bharr cumasc, mar chuideachta shealbháochta nó fochuideachta nó trí chomhshó cpt. Cuirtear de cheangal ar Bhallstáit faoi Alt 3 agus 10 den Rialachán plé le SE mar chuideachta theoranta phoiblí a foirmíodh de réir dlí an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláráithe. Is féidir faisnéis ghinearálta maidir le cuideachtaí teoranta poiblí a fháil i mBileog 1 – Ionchorprú Cuideachtaí agus i mBileog 16 – Rúnaí na Cuideachta. Bainneann na nótaí teoracha le SE a chláraítear in Éirinn amháin.

Téigh i gcomhairle le do thoil le do chomhairleoir ghairmiúil nó déan staidéar ar an dlí a rialaíonn SE, agus é beartaithe agat Societas Europaea a bhunú. Áirítear ar an reachtaíocht ábhartha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dlíteanas) 2007 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 21/2007), Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh 2157/2001 den Reachta um chuideachta Eorpach (an 'Rialachán CE'), agus an Treoir ón gComhairle 2001/86/CE ag forlíonadh an Reachta um chuideachta Eorpach, i dtaca le páirtíocht na bhfostaithe (an 'Treoir'), arna cuireadh chun feidhme le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dlíteanas) (Infheistíocht Fostaíochta) 2006, Ionstraim Reachtúil 623 de 2006.

Is féidir SE a fhoirmiú i roinnt mbealach difriúil:

- trí chumasc,
- mar chuideachta shealbháochta,
- mar fhochuideachta,
- is féidir le SE fochuideachta SE a fhoirmiú.
- is féidir SE a fhoirmiú trí CPT a chomhshó i SE.

Nuair a chláraítear SE, tugtar pearsantacht dhlíthiúil di. Ní mór don oifig chláráithe agus don cheannoifig a bheith suite sa Bhallstát céanna.

Bíonn scairchaipiteal ag Societas Europaea agus ní bhíonn na scairshealbhóirí faoi dhlíteanas ach amháin le haghaidh an méid airgid a bhíonn suibscríofa acu. Ní mór an scairchaipiteal a léiriú i euro. Cuirtear de cheangal ar SE íosmhéid scairchaipitil suibscríofa EUR 120,000 a bheith aici ar a laghad.

1.1 Struchtúr Bainistíochta de chuid SE

Is féidir SE a rialú i ndá bhealach - is féidir léi córas riaracháin aonchéime nó dháchéime a bheith aici, ag brath ar an bhfoirm a ghlactar léi sna reachtanna.

Córas aonchéime

'Eagraíocht riaracháin' atá freagrach as an SE a bhainistiú. Ní mór don eagraíocht riaracháin teacht le chéile gach trí mhí ar a laghad. Roghnaítear cathaoirleach ó na comhaltaí go léir. Ní mór a leagadh amach i reachtanna an SE an méid comhaltaí don eagraíocht riaracháin, nó na rialacha a úsáidtear leis an méid comhaltaí a shocrú. Ní mór do SE beirt chomhaltaí a bheith aici ar a laghad (ach amháin nuair a rialaítear rannpháirtíocht na bhfostaithe de réir na Treorach 2001/86/CE i dtaca le rannpháirtíocht na bhfostaithe, nuair is gá di triúr comhalta a bheith aici ar a laghad). Ní chuirtear uasteorainn leis an méid comhaltaí.

Córas dháchéime

'Eagraíocht bainistíochta' atá freagrach as an SE a bhainistiú agus déanann 'eagraíocht maoirseachta' maoirseacht ar an obair atá á dhéanamh ag an eagraíocht seo. Is féidir leis an eagraíocht maoirseachta comhaltaí a cheapadh chuig na heagraíochta bainistíochta. Ní féidir leis an eagraíocht maoirseachta cumhachtaí a fheidhmiú leis an SE a bhainistiú. Ní féidir le duine ar bith bheith ina c(h)omhalta ar an eagraíocht bainistíochta agus ar an eagraíocht maoirseachta ag an am céanna. Sa chás seo, cuirtear feidhm an duine san eagraíocht maoirseachta ar ceal. Is iad na scairshealbhóirí a cheapann comhaltaí chuig na heagraíochta maoirseachta ag an gcruinniú ginearálta.

Is féidir comhaltaí a cheapadh faoi na reachtanna a ghabhann leis an gcéad eagraíocht maoirseachta. Déantar foráil sa Treoir freisin do rannpháirtíocht na bhfostaithe sa phróiseas bainistíochta. Ní mór don eagraíocht maoirseachta cathaoirleach a cheapadh óna comhaltaí. Ní mór don eagraíocht bainistíochta tuairisc a thabhairt don eagraíocht maoirseachta gach trí mhí ar a

laghad. Ní mór a leagadh síos i reachtanna a cuideachta an méid comhaltaí do gach eagraíocht, nó na rialacha a úsáidtear leis an méid comhaltaí a shocrú. Ní mór don eagraíocht bainistíochta beirt chomhaltaí a bheith aici ar an eagraíocht maoirseachta agus a mhalairt de dhóigh.

2. FOIRMIÚ

Ní mór do na hoifigí cláraithe de chomhaltaí tráchtála ag foirmiú SE a bheith san AE. Cuideachta atá cláraithe i mBallstát, atá a ceannoifig lasmuigh de na Ballstáit go léir, is féidir léi páirt a ghlacadh i SE a fhoirmiú, ar an gcoinníoll go bhfuil nasc fíor agus leanúnach aici le geilleagar na hÉireann. Ina theannta sin, ní mór do dhá de na comhaltaí ar a laghad a bheith ag feidhmiú i mBallstáit dhifriúla; ach amháin nuair a bhíonn fochuideachta SE á fhoirmiú ag SE. Ní mór do CPT á chomhshó i SE fochuideachta a bheith aici ar feadh dhá bhliain ar a laghad atá á rialú ag na dlíthe i mBallstát eile. Agus an SE foirmithe, ní mór don oifig chláraithe agus don cheannoifig a bheith suite in Éirinn.

Ní féidir SE a chlárú:

- go dtí go mbíonn comhaontú curtha i gcrích le haghaidh rannpháirtíocht na bhfostaithe i gcintní na cuideachta nó,
- go dtí go mbíonn cinneadh déanta ag an gcomhlacht caibidlíochta speisialta chun brath ar na rialacha le haghaidh rannpháirtíocht agus comhairliúchán na bhfostaithe, rialacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit ina bhfuil fostaithe ag an SE nó;
- go dtí go mbíonn an tréimhse chaibidlíochta imithe in éag gan comhaontú a chur i gcrích.

2.1 Foirmiú trí Chumasc

Is féidir le cuideachtaí teoranta poiblí nó SE atá ann cheana féin dul i gcumasc agus SE a fhoirmiú, ar an gcoinníoll go bhfuil dhá de na cuideachtaí nó SE seo á rialú ag na dlíthe i mBallstáit dhifriúla.

Is féidir an cumasc a chur i gcrích trí éadail (nuair a chruthaítear SE den chuideachta éadála) nó trí chuideachta nua a fhoirmiú (nuair a thagann deireadh leis na cuideachtaí á chumasc). Ní mór do lucht bainistíochta nó eagraíochtaí riaracháin na gcuideachtaí atá á chumasc téarmaí cumaisc a dhréachtú agus na dréacht-théarmaí seo a chur i láthair ag cruinnithe ginearálta na scairshealbhóirí le hiad a cheadú.

Faoi airteagal 16 d'Ionstraim Reachtuil 21 de 2007, is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuir i gcoinne an chumaisc ar mhaithe leis an leas poiblí. Agus na hachtanna agus na gnásanna réamhchumaisc ar fad críochnaithe, ní mór don Ard-Chúirt deimhniú a eisiúint gurb é seo an cás.

Is í an Ard-Chúirt atá freagrach as mionscrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chumaisc agus, má bhíonn sí sásta, as an gcumasc a cheadú.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Le SE a chlárú trí chumasc - Foirm SE1.

2.2 Cuideachta Shealbhaíochta SE a Fhoirmiú

Is féidir le dhá chuideachta phríobháideach nó chuideachta theoranta phoiblí nó níos mó (lena n-áirítear SE atá ann cheana féin) cuideachta shealbhaíochta SE a fhoirmiú, de réir dlí Ballstáit, agus oifig chláraithe acu i mBallstát. Na cuideachtaí a chuireann an foirmiú seo chun cinn, caithfidh an chuid is mó de na cuideachtaí seo a bheith leis an SE. Ní mór do dhá chuideachta nó níos mó a bheith á rialú ag na dlíthe i mBallstát dhifriúil. Murab amhlaidh atá an scéal, ní mór dóibh fochuideachta a bheith acu roimhe sin, ar feadh dhá bhliain, a bhí á rialú ag na dlíthe i mBallstát eile, nó ní mór dóibh brainse a bheith acu roimhe sin i mBallstát eile.

Ní mór don lucht bainistíochta nó eagraíochtaí riaracháin de na cuideachtaí á chur an foirmiú chun cinn, téarmaí foirmithe agus tuarascáil mhínitheach a dhréachtú, agus na téarmaí agus an tuarascáil seo a chur i láthair ag cruinnithe na scairshealbhóirí le hiad a cheadú.

Ní mór na gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíochta, ar a mbunaítear an foirmiú, a mhíniú sa tuarascáil mhínitheach agus ní mór na himpleachtaí do na scairshealbhóirí agus do na fostaithe a léiriú, a

bhaineann le SE sealbhaíochta a fhoirmiú.

Cuideachta ar bith atá cláraithe in Éirinn a ghlacann páirt i SE a fhoirmiú, ní mór di na dréacht-thearmaí foirmithe a chomhdú leis an CRO mí amháin ar a laghad roimh chruinniú ginearálta na cuideachta, fiú amháin má bhíonn an chuideachta shealbhaíochta SE á fhoirmiú i mBallstát eile.

Tar éis na dréacht-thearmaí a cheadú, ní mór do na scairshealbhóirí a chur in iúl don chuideachta laistigh de trí mhí, cibé an mbeidh a scaireanna á thabhairt acu don Chuideachta Shealbhaíochta SE a fhoirmiú nó nach mbeidh. Ní féidir an SE a fhoirmiú ach amháin nuair a bhíonn an íoschuid scaireanna curtha ar fáil laistigh den tréimhse ama sin. Agus na coinníollacha comhlíonta, ní mór fógra chuige sin, Foirm SE11, a sheachadadh don CRO laistigh de 14 lá. Na scairshealbhóirí nach bhfuil curtha in iúl acu go bhfuil sé beartaithe acu a scaireanna a chur ar fáil, tugtar mí eile dóibh le hé sin a dhéanamh chun críocha Cuideachta Sealbhaíochta SE a fhoirmiú.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Do chuideachtaí ag cur an fhoirmithe chun cinn:

Na dréacht-thearmaí le cuideachta shealbhaíochta SE a fhoirmiú – Foirm SE11

Fógra faoi na coinníollacha a shásamh a bhaineann le cuideachta shealbhaíochta SE a fhoirmiú – Foirm SE13

Le cuideachta shealbhaíochta SE a fhoirmiú:

Cuideachta shealbhaíochta SE a fhoirmiú – Foirm SE2.

2.3 Fochuideachta SE a fhoirmiú

Cuideachtaí, gnólachtaí nó comhlachtaí dlíthiúla eile, foirmithe faoin dlí i mBallstát áirithe, agus oifigí cláraithe agus ceannoifigí acu sa Chomhphobal, is féidir leo SE a fhoirmiú trí shuibscríobh do na scaireanna. Ní mór do 2 de na cuideachtaí nó na gnólachtaí ar a laghad a bheith á rialú ag na dlíthe i mBallstát eile nó fochuideachta a bheith acu ar feadh 2 bhliain roimhe sin a bhí á rialú ag na dlíthe i mBallstát eile nó ní mór dóibh brainse a bheith acu roimhe sin i mBallstát eile.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Fochuideachta SE a fhoirmiú – Foirm SE3

Is féidir le SE atá ann cheana féin fochuideachta SE amháin nó níos mó a bhunú. Is féidir le SE atá ann cheana féin a bheith ina scairshealbhóirí aonair.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Fochuideachta SE á fhoirmiú ag SE – Foirm SE5.

2.4 Foirmiú trí chomhshó CPT atá ann cheana féin

Is féidir CPT foirmithe in Éirinn a chomhshó i SE atá cláraithe in Éirinn agus fochuideachta ag an CPT ar feadh 2 bhliain a bhí á rialú ag na dlíthe i mBallstát eile. Ní dhéantar an CPT a fhoirceannadh mar chuid den phróiseas seo nó ní dhéantar duine nua dlítheanach a chruthú i bhfoirm SE. Ní féidir oifigí chlárúcháin na CPT a aistriú chuig Ballstát eile agus an chuideachta á chomhshó. Ní mór don CPT dréacht-thearmaí comhshó agus tuarascáil mhínitheach a ullmhú agus iad a chur i láthair ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí le hiad a cheadú.

Ní mór na gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíocha a bhaineann le comhshó a mhíniú agus údar a thabhairt leo sa tuarascáil mhínitheach agus ní mór na himpleachtaí do na scairshealbhóirí agus do na fostaithe a léiriú, a bhaineann le CPT a chomhshó i SE.

Ní mór na foirmeacha seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Dréacht-thearmaí le CPT a chomhshó i SE – Foirm SE12

CPT a chomhshó i SE – Foirm SE4

3. SE A AISTRIÚ Ó BHALSTÁT AMHÁIN GO DTÍ BALLSTÁT EILE

De réir an Rialacháin CE, ba chóir do SE a bheith in ann a oifig chláráithe a aistriú go dtí Ballstát eile gan an chuideachta a fhoirceannadh. Dá bhrí sin, is féidir le SE atá cláráithe i mBallstát eile a oifig chláráithe a aistriú go hÉirinn agus is féidir le SE atá cláráithe in Éirinn a oifig chláráithe a aistriú go dtí Ballstát eile.

Déanann an lucht bainistíochta nó eagraíocht riaracháin togra aistrithe a dhréachtú. Ba chóir ainm reatha, oifig chláráithe agus uimhir an SE a shonrú sa togra agus ba chóir dó na pointí seo a leanas a chlúdú:

- (a) an oifig chláráithe SE atá molta;
- (b) reachtanna an SE atá molta, lena n-áirítear, más cuí sin, an t-ainm nua;
- (c) impleacht ar bith ar rannpháirtíocht na bhfostaithe a bhaineann leis an aistriú;
- (d) an t-amchlár atá molta don aistriú;
- (e) cearta ar bith a sholáthraítear le scairshealbhóirí agus/nó creidiúnaithe a chosaint.

Déanann an lucht bainistíochta nó eagraíocht riaracháin tuarascáil a dhréachtú a thugann míniú ar na gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíocha a bhaineann leis an aistriú agus a thugann údar leo, tuarascáil a thugann míniú ar na himpleachtaí do na scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus do na fostaithe, a bhaineann leis an aistriú. Mí amháin ar a laghad roimh an chruinniú ginearálta ag a ndéantar cinneadh maidir leis an aistriú, is féidir le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe an SE scrúdú a dhéanamh ar oifig chláráithe an SE, ar an togra aistrithe agus ar an tuarascáil a dréachtaíodh, agus is féidir leo, ar iarratas, cóipeanna a fháil de na doiciméid seo saor in aisce.

Ní féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an aistriú ar feadh dhá mhí tar éis don togra a fhoilsiú. Sa Bhallstát ina bhfuil oifig chláráithe ag an SE, eiseoidh an chúirt, nótaire nó údarás inniúil eile deimhniú, ag fianú go gcríochnaíodh na hachtanna agus na gnásanna ar gá bheith críochnaithe leo roimh an aistriú. Sula n-eisíonn an t-údarás inniúil an deimhniú, taispeánfaidh an SE dó, i leith ceann ar bith de na dlíteanais a tháinig chun cinn sular eisíodh an togra maidir le haistriú, go gcosnaíodh go leordhóthanach leasanna na gcreidiúnaithe agus leasanna na ndaoine eile le cearta acu maidir leis an SE (lena n-áirítear leasanna na gcomhlachtaí poiblí), de réir na gceanglas leagtha amach ag an mBallstát ina raibh oifig chláráithe an SE roimh an aistriú. Cláráitheoir na gCuideachtaí is ea an t-údarás inniúil in Éirinn, mar shampla.

Ní mór na foirmeacha seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Aistriú ó Éirinn:

Aistriú SE ó Éirinn atá molta – Foirm SE10. Aistriú SE ó Éirinn – Foirm SE7

Dearbhú sócmhainneachta ag stiúrthóirí SE atá molta é a aistriú ó Phoblacht na hÉireann – Foirm SE8

Aistriú go dtí Éireann:

Aistriú SE go dtí Éireann – Foirm SE6

Sonrasc, ordú earraí nó litir ghnó ar bith, a chuireadh dearbhú, ag am ar bith idir dháta an togra aistrithe agus aistriú clárúcháin an SE, go bhfuil sé beartaithe ag an SE a oifig chláráithe a aistriú go dtí Ballstát eile faoi Airteagal 8. Ainmneofar an Ballstát seo sa dearbhú freisin.

Agóid i gcoinne an aistrithe

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cumhacht a fheidhmiú le cuir i gcoinne na hoifige chláráithe a aistriú. Ní féidir é seo a dhéanamh ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí. Agus maoirseacht á dhéanamh ar SE dé réir threoracha an Chomhphobail ag údarás náisiúnta maoirseachta airgeadais, bíonn de cheart ag an údarás seo freisin cuir i gcoinne an athraithe.

Féadfaidh údarás breithiúnach athbheithniú a dhéanamh ar an scéal. Is féidir leis an lucht bainistíochta nó eagraíocht riaracháin de chuid an SE na reachtanna a athrú agus iad i gcoimhlint le socrúithe rannpháirtíochta na bhfostaithe.

Agus é beartaithe oifig chláráithe de chuid SE a aistriú ó Stát amháin go dtí Ballstát eile, is féidir le comhalta nó comhaltaí, a bhfuil luach ainmniúil 10% nó níos mó, ar an iomlán, de scairchaipiteal eisithe an SE ina s(h)eilbh aige/aici nó acu, daoine a theip orthu toiliú leis an rún aistrithe nó vótáil dó, is féidir leo iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt-

- (a) leis an gcinneadh i dtaobh aistrithe a chur ar neamhní,

- (b) le ceangal a chur ar an SE urrúis na scairshealbhóirí atá i gcoinne an aistrithe a fháil ag úsáid airgid tirim, nó
- (c) nó réiteach eile ar bith gur réiteach é atá cóir de réir na Cúirte.

Ar iarratas chuig an gCúirt, is féidir léi an cinneadh aistrithe a chur ar neamhní, a cheapann sí a bheith cuí, nó ceangal a chur ar an SE urrúis na scairshealbhóirí atá i gcoinne an aistrithe a fháil ag úsáid airgid tirim nó réiteach eile den saghas seo a chur ar fáil, a cheapann sí gur réiteach é atá cóir.

Ní féidir éifeacht a thabhairt don chlárúchán nua go dtí go gcuirtear an deimhniú isteach, agus go dtí go dtaispeántar fianaise go gcríochnaíodh na gnásanna clárúcháin ar fad i dtír nua na hoifige cláraithe.

Beidh éifeacht le hoifig chláráithe de chuid SE a aistriú agus le reachtanna an SE a leasú ar an dáta a chláraítear sa chlár, oifig chláráithe nua an SE. Agus éifeacht tugtha do chlárúchán nua an SE, cuirfidh an clár le haghaidh an chlárúcháin nua an t-athrú seo in iúl don sean-chlár. Agus an fógra sin faighte, agus ansin amháin, scríosfar an sean-chlárúchán. Ní féidir le SE a oifig chláráithe a aistriú agus imeachtaí tugtha ina choinne, imeachtaí foirceanta, imeachtaí leachtaithe, imeachtaí dócmhainneachta, íocaíochtaí curtha ar fionraí nó imeachtaí eile den saghas seo.

SE a d'aistrigh a oifig cláraithe go dtí Ballstát eile, breathnófar air, i leith cúise caingne ar bith a thagann chun cinn sula n-déantar an oifig a aistriú, mar SE atá a oifig chláráithe sa Bhallstát clárúcháin, fiú amháin nuair a dhéantar agairt i gcoinne an SE i ndiaidh an aistrithe.

4. AINM NA CUIDEACHTA

Féach Bileog Faisnéise 1 – Ionchorprú Cuideachtaí maidir leis na srianta a chuirtear le hainm a roghnú, is iad sin na rialúcháin chéanna a chuirtear chun feidhme ar chuideachtaí eile atá cláraithe in Éirinn. Ní mór an giorrúchán SE a chur síos roimh nó i ndiaidh an ainm. Nuair a úsáidtear an téarma 'SE' ag tús nó ag deireadh ainm cuideachta, sonraíonn sé seo gur Cuideachta Eorpach í.

5. CEANGLAIS BHREISE

5.1 Reachtanna

Ní bhaineann formáid chaighdeánach fhorordaithe le reachtanna de chuid SE, (a bheidh ag brath go pointe áirithe ar conas a dhéantar an SE a fhoirmiú), ach leagtar amach sa Rialachán CE ábhair áirithe i dtaca le bainistíocht agus riarachán na cuideachta ar gá iad a leagadh amach sna reachtanna. Ní féidir na reachtanna a athrú de ghnáth ach amháin trí chinneadh na scairshealbhóirí ag cruinniú ginearálta. D'fhonn é seo a dhéanamh, ní mór do 3/4 de na vótaí a bheith i bhfabhar leis an athrú.

Agus coimhlint idir na socruithe do rannpháirtíocht na bhfostaithe agus reachtanna an SE, is féidir leis an lucht bainistíochta nó eagraíocht riaracháin na reachtanna a leasú gan cead a fháil ó na scairshealbhóirí. Ní féidir é seo a dhéanamh ach amháin leis an gcoimhlint a réiteach.

Ní mór leasuithe ar na reachtanna a sheoladh chuig an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a ghlactar leis an leasú.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:
Leasuithe ar Reachtanna de chuid SE – Foirm SE14

5.2 Oifigigh na Cuideachta

Ní mór do SE comhaltaí na heagraíochtaí a chlárú, ag tabhairt sonraí maidir leis na stiúrthóirí agus leis an rúnaí. Ní mór do chomhaltaí de chuid eagraíochta riaracháin, eagraíochta maoirseachta nó eagraíochta bainistíochta na foirmeacha céanna a chomhlánú a chomhlánaítear i gcás CPT.

Athruithe ar Shonraí Oifigeach na Cuideachta:

Athrú ar stiúrthóirí nó rúnaithe nó a sonraí – Foirm B10

Ní mór an tréimhse cheapacháin a leagadh amach i reachtanna na cuideachta ach ní féidir breis is 6 bliana a chaitheamh sa phost céanna. Is féidir comhaltaí a athcheapadh ar feadh tréimhse oifige amháin eile nó níos mó, faoi réir na srianta forchurtha ag reachtanna na cuideachta.

De réir na reachtanna, is féidir le cuideachtaí nó eintitis dhlíthiúla eile a bheith ina gcomhaltaí ar eagraíochtaí an SE, ach sa chás seo, ní mór duine nádúrtha a shonrú le feidhmeanna na heagraíochta a fheidhmiú. Daoine atá díchálithe ó pháirt a ghlacadh i gcuideachta theoranta phoiblí a bhainistiú, ní cheadaítear dóibh, mar an gcéanna, páirt a ghlacadh i SE a bhainistiú.

Féach 1.1 freisin, Structúr Bainistíochta.

5.3 Cruinnithe

Is féidir leis an eagraíocht riaracháin, an eagraíocht bainistíochta nó an eagraíocht maoirseachta cruinnithe ginearálta a thionól ag am ar bith. Is féidir le scairshealbhóirí agus 10% de chaipiteal suibscríofa an SE nó níos mó ina seilbh acu (nó céatadán níos lú, agus é seo leagtha síos sna reachtanna) iarratas a dhéanamh chuig an SE le cruinniú ginearálta a thionól agus an clár oibre a dhréachtú. Léireofar san iarratas na míreanna a chuirfear ar an gclár oibre.

Is féidir le scairshealbhóirí, agus 10% de chaipiteal suibscríofa an SE nó níos mó ina seilbh acu, iarratas a dhéanamh le míreanna breise a chur ar an gclár oibre ag cruinniú ginearálta. Ní mór do SE an chéad chruinniú ginearálta a thionól laistigh de 18 mí ón data ionchorpraithe.

Tá cumhacht ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cruinniú ginearálta a thionól de réir na dlíthe a chuirtear chun feidhme ar CPT agus tá cumhacht aige/aici cruinniú a thionól mura ndearnadh é seo tar éis iarratais a fháil ó na scairshealbhóirí a bhfuil 10% den chaipiteal suibscríofa ina seilbh acu.

5.4 Doiciméid Chuntasaíochta

Baineann na ceanglais chéanna chuntasaíochta le SE, a bhaineann le CPT. Cuirtear de cheangal ar chuideachta tuairisceán bliantúil a sheachadadh don CRO uair sa bhliain ar a laghad. Cuimsíonn tuairisceán bliantúil sonraí faoi stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta, a hoifig chláraithe, sonraí faoi na scairshealbhóirí agus an scairchaipiteal. Ní mór an tuairisceán bliantúil a dhéanamh roimh Dháta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) na cuideachta agus é a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta sin. Bíonn an chéad DTB ag cuideachta sé mhí tar éis a hionchorpraithe. Is féidir Foirm B1 a chomhdú ar líne ag www.core.ie le haghaidh táille laghdaithe €20. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Bileog Faisnéise Uimh. 23, “Tuairisceán Bliantúil a Comhdú leis an CRO”.

5.5 Athrú ar oifig chláraithe

Sonrófar athrú ar bith ar an oifig chláraithe ar Fhoirm B2. Féach 3 freisin – SE a aistriú ó Bhallstát amháin go dtí Ballstát eile.

Ní mór do SE na foirmeacha nó na doiciméid chéanna a sheachadadh don CRO ar gá do CPT iad a chlárú leis an CRO. Áireofaí ar na doiciméid seo cóipeanna de rúin áirithe, sonraí muirir/morgáiste, an áit ina choimeádtar clár áirithe reachtúla mura gcoimeádtar iad ag an oifig chláraithe, athrú ar an dáta tagartha cuntasaíochta, athruithe ar an scairchaipiteal (m.sh. méadú ar scairchaipiteal, scaireanna a chionnroinnt).

5.6 Foirceannadh

Baineann na nósanna imeachta céanna le SE a bhaineann le CPT i dtaobh foirceanta, leachtaithe, dócmhainneachta, stop a chur le híocaíochtaí agus nósanna imeachta comhchosúla.

Ní mór an fhoirm seo a leanas a chomhdú leis an CRO:

Fógra faoi Thús nó Deireadh a chur le Nósanna Imeachta Leachtaithe, Foirceanta, Dócmhainneachta nó Stop a chur le híocaíochtaí agus Cinneadh maidir le SE a Leanúint ar Aghaidh ag Feidhmiú – Foirm SE15

Tá cumhacht ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) achainí a dhéanamh chuig an gCúirt le SE a fhoirceannadh má fheictear nach bhfuil an cheannoifig agus an oifig chláraithe in Éirinn.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie